# CÓD CLEACHTAIS AN STAIDRIMH EORPAIGH

***Do na hÚdaráis Staidrimh Náisiúnta agus do Eurostat (Údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh)***

Arna ghlacadh ag an
gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach

16 Samhain 2017

eurostat

EUROPEAN
STATISTICAL
SYSTEM

Arna chríochnú i Samhain 2017

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine a fheidhmíonn thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a lua.

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch.39)

Le haghaidh grianghraf nó ábhair eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

| Print | PDF |
| --- | --- |
| ISBN 978-92-68-07382-7 | ISBN 978-92-68-07381-0 |
| doi:10.2785/973408 | doi:10.2785/748986 |
| KS-02-18-142-GA-C | KS-02-18-142-GA-N |

# CÓD CLEACHTAIS AN STAIDRIMH EORPAIGH

## *Do na hÚdaráis Staidrimh Náisiúnta agus do Eurostat (Údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh)*

Arna ghlacadh ag an
gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach

16 Samhain 2017

eurostat

EUROPEAN STATISTICAL SYSTEM

# Réamhrá

## Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh

Tá Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh ina bhunchloch de chreat coiteann cáilíochta an Chórais Staidrimh Eorpaigh. Is ionstraim féinrialála é agus tá sé bunaithe ar 16 Phrionsabal lena gcumhdaítear an timpeallacht institiúideach, na próisis staidrimh agus aschuir staidrimh. Le sraith táscairí maidir le dea-chleachtais agus caighdeáin do gach ceann de na Prionsabail, cuirtear treoraíocht agus tagairtí ar fáil i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chóid Cleachtais, rud a mhéadaíonn trédhearcacht laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach.

Déanann údaráis staidrimh, arb é atá iontu Údarás Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat), na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile atá freagrach as Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, gealltanas a thabhairt go gcloífidh siad leis an gCód Cleachtais.

Cuireann Bord Comhairleach neamhspleách, an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach[1] (ESGAB, an Bord) forléargas ar fáil ar an gCóras Staidrimh Eorpach maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais. Déanann an Bord anailís gach bliain ar chur chun feidhme an Chóid Chleachtais ag Údarás Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) agus ar an gCóras Staidrimh Eorpach mar aonad iomlán; agus tugann sé comhairle maidir le bearta iomchuí chun cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a éascú, maidir leis an gCód a chur in iúl d'úsáideoirí agus do sholáthraithe sonraí agus, chomh maith leis sin, maidir le nithe a d'fhéadfaí a thabhairt cothrom le dáta ann.

Is é an t-eagrán seo, eagrán 2017, an dara hathbhreithniú ar an gCód Cleachtais, ar cód é a glacadh in 2005 den chéad uair. Is é is aidhm dó ná léiriú a thabhairt ar na hathruithe agus ar na nuálaíochtaí is déanaí i bhforbairt, i dtáirgeadh agus i scaipeadh staidrimh oifigiúil laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach agus lasmuigh de, amhail foinsí nua

[1] An Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach: http://ec.europa.eu/eurostat/web/esgab/introduction

sonraí atá ag teacht chun cinn, úsáid teicneolaíochtaí nua, nuachóiriú an chreata dhlíthiúil, agus torthaí na n-athbhreithnithe piaraí ar chur chun feidhme an Chóid Cleachtais.

Tá Gluais ina mínítear na príomhthéarmaí a úsáidtear sa Chód Cleachtais ar fáil ar líne ar http://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/overview.

## Creat coiteann cáilíochta an Chórais Staidrimh Eorpaigh

Cuimsíonn creat coiteann cáilíochta an Chórais Staidrimh Eorpaigh Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, Creat an Chórais Staidrimh Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta agus na prionsabail ghinearálta bainistíochta cáilíochta (amhail idirghníomhaíocht leanúnach le húsáideoirí, tiomantas ceannairí, comhpháirtíocht, sástacht na foirne, feabhsú leanúnach, comhtháthú agus comhchuibhiú).

Comhlánaíonn an creat coiteann cáilíochta féinrialála seo creat dlíthiúil an Chórais Staidrimh Eorpaigh atá bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach, ar Rialachán é a éiríonn as an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, déantar staidreamh agus seirbhísí Eorpacha ardcháilíochta a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh faoi chreat dlí agus cáilíochta atá an-láidir.

Le Dearbhú Cáilíochta an Chórais Staidrimh Eorpaigh, atá san áireamh sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo den bhróisiúr seo, léirítear an fheasacht ar cháilíocht atá ann sa Chóras Staidrimh Eorpach chomh maith le tiomantas a chomhaltaí uile i leith staidreamh agus seirbhísí ardcháilíochta Eorpacha a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar bhonn leanúnach chun luach a chruthú dá úsáideoirí ar bhealach inbhuanaithe.

EUROPEAN
STATISTICAL
SYSTEM

# Dearbhú Cáilíochta an Chórais Staidrimh Eorpaigh

Is comhpháirtíocht é an Córas Staidrimh Eorpach ina gcomhoibríonn Eurostat agus údaráis staidrimh náisiúnta gach Ballstáit den Aontas agus gach tír CSTE. Is é an misean atá againn, i dteannta a chéile, faisnéis neamhspleách ardcháilíochta staidrimh a chur ar fáil ar leibhéal na hEorpa, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil do chách le haghaidh cinnteoireachta, taighde agus díospóireachta.

Déanann comhaltaí CSE clár agus tosaíochtaí an Staidrimh Eorpaigh a phlé agus a chomhaontú, agus déantar na cinntí críochnaitheacha ar bhealach daonlathach agus i gcomhréir le nósanna imeachta reachtacha Eorpacha.

Oibrímid faoi dhiancхóras dlí[1] a chomhlánaítear le creat cáilíochta féinrialála láidir den chéad scoth, arb é Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh cloch choirnéil an chreata sin[2]. Déantar measúnú tréimhsiúil ar a mhéid a chomhlíonaimid an Cód Cleachtais trí leas a bhaint as sásraí athbhreithniúcháin agus bearta leantacha diana maidir leis na gníomhaíochtaí feabhsúcháin[3] a shainaithnítear.

---

[1] Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:C:2016:202:FULL&from=EN agus Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach arna leasú le Rialachán (AE) 2015/759: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/PDF/?uri=CELEX:02009R0223-20150608&from=EN

[2] Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh: http://ec.europa.eu/eurostat/documents/3859598/5921861/KS-32-11-955-EN.PDF/5fa1ebc6-90bb-43fa-888f-dde032471e15 agus Creat CSE um Dhearbhú Cáilíochta: http://ec.europa.eu/eurostat/documents/64157/4392716/ESS-QAF-V1-2final.pdf/bbf5970c-1adf-46c8-afc3-58ce177a0646

[3] An chéad bhabhta agus an dara babhta d’athbhreithnithe piaraí CSE: http://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/first-round-of-peer-reviews & http://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/peer-reviews

Ceapaimidne gur cáilíocht is cúis lenár mbuntáiste iomaíoch i ndomhan ina bhfuil faisnéis ar an toirt ag éirí níos coitianta, ar faisnéis í a mbíonn an cruthúnas riachtanach ar cháilíocht in easnamh inti go minic. Déantar ár gcuid oibre a rialú le neamhspleáchas gairmiúil, le caitheamh neamhchlaonta lenár n-úsáideoirí uile, le hoibiachtúlacht, le hiontaofacht, le rúndacht staidrimh agus le costéifeachtúlacht. Tá forbairt, táirgeadh agus scaipeadh ár staidrimh bunaithe ar mhodheolaíochtaí fónta, ar na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr agus ar nósanna imeachta iomchuí atá doiciméadaithe go maith ar bhealach trédhearcach. Is iad seo a leanas na prionsabail cháilíochta atá againn: ábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléireacht agus, chomh maith leis sin, ar inchomparáideacht agus ar chomhleanúnachas.

Féachaimid  i gcónaí leis an ualach atá ar ár bhfreagróirí a íoslaghdú, le comhar maith a chothú le soláthraithe sonraí, agus le hoibriú go dlúth i gcomhar le grúpaí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na pobail eolaíochta.

Táimid tiomanta i leith sármhaitheas staidrimh trínár láidreachtaí agus ár laigí a shainaithint go córasach, chomh maith le rioscaí gaolmhara a shainaithint, ar rioscaí iad a chuirimid san áireamh go cuí trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gcomhchreat cáilíochta. Trí nuachóiriú agus nuáil a dhéanamh go leanúnach,  agus trí tháscairí nua a thiomsú go leanúnach, ní hamháin go gcuirimid feabhas ar cháilíocht ár dtáirgí agus ár seirbhísí, ach déanaimid iarracht freisin feiniméin agus riachtanais atá ag teacht chun cinn a thuar i dteannta ár n-úsáideoirí.

**Ceannairí na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus Ard-Stiúrthóir Eurostat**

# An timpeallacht institiúideach

Bíonn tionchar suntasach ag tosca institiúideacha agus eagraíochtúla ar éifeachtacht agus ar inchreidteacht údaráis staidrimh a fhorbraíonn, a tháirgeann agus a scaipeann Staidreamh Eorpach. Is iad na Prionsabail ábhartha neamhspleáchas gairmiúil, comhordú agus comhar, sainordú chun sonraí a bhailiú, leordhóthanacht acmhainní, tiomantas i leith cáilíochta, rúndacht staidrimh, neamhchlaontachta agus oibiachtúlachta.

## PRIONSABAL 1
### Neamhspleáchas gairmiúil

**Déantar inchreidteacht an Staidrimh Eorpaigh a áirithiú mar thoradh ar neamhspleáchas gairmiúil na n-údarás staidrimh ar ranna agus ar chomhlachtaí eile beartais, rialála nó riaracháin agus, chomh maith leis sin, ar oibreoirí na hearnála príobháidí.**

TÁSCAIRE

1.1 Déantar neamhspleáchas na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat ar chur isteach polaitiúil agus ar chur isteach seachtrach eile le linn staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh a shonrú sa dlí agus áirithítear é d'údaráis staidrimh eile.

1.2 Tá seasamh ordlathach sách ard ag ceannairí na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat agus, i gcás inarb iomchuí, ag ceannairí údarás staidrimh eile chun rochtain shinsearach ardleibhéil ar údaráis bheartais agus ar chomhlachtaí poiblí riaracháin a áirithiú. Tá caighdeán gairmiúil den chineál is airde acu go léir.

1.3 Tá ceannairí na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat agus, i gcás inarb iomchuí, ceannairí údarás staidrimh eile freagrach as a áirithiú go ndéantar staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar bhealach neamhspleách.

1.4 Is ar cheannairí na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat agus, i gcás inarb iomchuí, ar cheannairí údarás eile staidrimh, agus orthu sin amháin, atá an fhreagracht as cinneadh a dhéanamh maidir le modhanna, caighdeáin agus nósanna imeachta staidrimh, agus maidir le hinneachar agus le huainiú na n-eisiúintí staidrimh.

1.5 Foilsítear na cláir oibre staidrimh agus déantar an dul chun cinn atá déanta a thuairisciú i dtuarascálacha tréimhsiúla.

1.6 Déantar eisiúintí staidrimh a idirdhealú go soiléir, agus a eisiúint ar leithligh, ó ráitis pholaitiúla/bheartais.

**1.7** Tugann an Institiúid Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat agus, i gcás inarb iomchuí, údaráis staidrimh eile, barúil go poiblí ar shaincheisteanna staidrimh, lena n-áirítear, a mhéid a mheastar a bheith oiriúnach, cáineadh agus mí-úsáid staidrimh.

**1.8** A mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta maidir le hearcú agus ceapadh cheannairí na n-institiúidí staidrimh náisiúnta agus Eurostat agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le hearcú agus ceapadh ceannairí staidrimh údarás staidrimh eile, tá siad trédhearcach agus bunaithe ar chritéir ghairmiúla amháin. Déantar na cúiseanna ar dá réir is féidir sealbhóir an chúraim a fhoirceannadh a shonrú sa chreat dlíthiúil. Ní féidir cúiseanna lena gcuirtear neamhspleáchas gairmiúil nó eolaíoch i mbaol a bheith san áireamh sna cúiseanna sin.

## PRIONSABAL 1bis

### Comhordú agus comhar

**Áirithíonn na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus Eurostat comhordú na ngníomhaíochtaí uile chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar leibhéal an chórais staidrimh náisiúnta agus an Chórais Staidrimh Eorpaigh, faoi seach. Oibríonn na húdaráis náisiúnta go gníomhach i gcomhar lena chéile laistigh de chomhpháirtíocht an Chórais Staidrimh Eorpaigh, chun forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a áirithiú.**

TÁSCAIRE

**1bis.1** Déanann na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta comhordú ar ghníomhaíochtaí na n-údarás staidrimh náisiúnta eile go léir a fhorbraíonn, a tháirgeann agus a scaipeann staidreamh Eorpach. Gníomhaíonn siad i dtaca leis sin mar an t-aon phointe teagmhála amháin do Eurostat maidir le nithe a bhaineann le staidreamh. Tá reachtaíocht agus nósanna imeachta dea-shainithe seanbhunaithe i bhfeidhm chun ról an chomhordúcháin a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

**1bis.2** Déanann Ceannairí na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta treoirlínte náisiúnta a tháirgeadh, i gcás inar gá sin, chun cáilíocht a áirithiú le linn Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh laistigh den chóras náisiúnta staidrimh; déantar faireachán agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na dtreoirlínte sin.

**1bis.3** Déanann údaráis staidrimh comhar lena chéile, agus le comhlachtaí comhairleacha an Chórais Eorpaigh Staidrimh, agus chomh maith le comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais, le hinstitiúidí acadúla agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt go leanúnach ar leibhéil éagsúla, de réir mar is iomchuí.

## PRIONSABAL 2

### Sainordú chun Sonraí a Bhailiú agus Rochtain a Fháil ar Shonraí

**Tá sainordú dlíthiúil soiléir ag na húdaráis staidrimh faisnéis a bhailiú ó fhoinsí sonraí éagsúla, agus rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin, chun críoch staidreamh Eorpaigh. Féadfar iallach a chur le dlí ar údaráis riaracháin, ar ghnóthais agus ar theaghlaigh agus ar an bpobal i gcoitinne rochtain a thabhairt ar shonraí, nó sonraí a sheachadadh chun críocha staidreamh Eorpach, má iarrann údaráis staidrimh amhlaidh.**

TÁSCAIRE

**2.1** Tá sainordú na n-údarás staidrimh chun faisnéis a bhailiú, ó fhoinsí sonraí éagsúla, agus rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin, chun Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh sonraithe sa dlí.

**2.2** Ceadaítear do na húdaráis staidrimh leis an dlí rochtain a fháil ar shonraí riaracháin go pras agus saor in aisce, agus iad a úsáid chun críoch staidrimh. Bíonn baint acu ó thús le taifid riaracháin a dhearadh agus a fhorbairt, le deireadh a chur leo, chun iad a dhéanamh níos oiriúnaí chun críoch staidrimh.

**2.3** Ar bhonn gníomh dlíthiúil, féadfaidh na húdaráis staidrimh é a dhéanamh éigeantach suirbhéanna staidrimh a fhreagairt.

**2.4** Déantar rochtain chun críoch staidrimh ar shonraí eile, amhail sonraí a shealbhaítear go príobháideach, a éascú agus, ag an am céanna, déantar rúndacht staidrimh agus cosaint sonraí a áirithiú.

## PRIONSABAL 3

### Leordhóthanacht Acmhainní

**Is leor na hacmhainní atá ar fáil d'údaráis staidrimh chun na ceanglais maidir le Staidreamh Eorpach a chomhlíonadh.**

TÁSCAIRE

**3.1** Tá acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla, atá leordhóthanach ó thaobh méide agus cáilíochta araon, ar fáil chun riachtanais staidrimh a chomhlíonadh.

**3.2** Tá scóip, leibhéal mionsonrúcháin agus costas an staidrimh i gcomhréir le riachtanais.

**3.3** Tá nósanna imeachta ann chun measúnú a dhéanamh ar éilimh ar staidreamh nua, agus údar a thabhairt leis na héilimh sin, i gcomparáid le costas na n-éileamh sin.

**3.4** Tá nósanna imeachta ann chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leantach leis an staidreamh go léir, chun a fháil amach an féidir deireadh nó srian a chur le haon staidreamh chun acmhainní a shaoradh.

## PRIONSABAL 4
### Tiomantas i leith Cáilíochta

**Tá údaráis staidrimh tiomanta i leith cáilíochta. Déanann siad láidreachtaí agus laigí a shainaithint go córasach agus go tráthrialta chun feabhas a chur ar phróisis agus ar cháilíocht aschur go leanúnach.**

TÁSCAIRE

**4.1** Déantar beartas cáilíochta a shainiú agus a chur ar fáil don phobal. Tá struchtúr agus uirlisí eagrúcháin ann chun déileáil le bainistíocht cháilíochta.

**4.2** Tá nósanna imeachta ann chun cáilíocht na bpróiseas staidrimh a phleanáil agus a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar na próisis sin, lena n-áirítear comhtháthú sonraí ó fhoinsí sonraí éagsúla.

**4.3** Déantar faireachán go tráthrialta ar cháilíocht aschuir, déantar measúnú uirthi maidir le comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus déantar tuairisciú uirthi de réir na gcritéar cáilíochta maidir le Staidreamh Eorpach.

**4.4** Déantar athbhreithniú tráthrialta críochnúil ar na príomhaschuir staidrimh, agus úsáid á baint freisin as saineolaithe seachtracha i gcás inarb iomchuí sin.

## PRIONSABAL 5
### Rúndacht Staidrimh agus Cosaint Sonraí

**Déantar príobháideachas na soláthraithe sonraí, rúndacht na faisnéise a chuireann siad ar fáil, úsáid na faisnéise sin chun críoch staidrimh amháin, agus slándáil na sonraí a ráthú go hiomlán.**

TÁSCAIRE

**5.1** Ráthaítear rúndacht staidrimh sa dlí.

**5.2** Síníonn an fhoireann gealltanais rúndachta dhlíthiúla nuair a cheaptar iad.

**5.3** Forordaítear pionóis mar gheall ar aon sárú toiliúil ar rúndacht staidrimh.

**5.4** Cuirtear treoirlínte agus treoracha ar fáil don fhoireann maidir le rúndacht staidrimh a chosaint ar fud na bpróiseas staidrimh. Cuirtear an beartas rúndachta in iúl don phobal.

**5.5** Tá na bearta rialála, riaracháin, teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun slándáil agus sláine na sonraí staidrimh agus tarchur na sonraí sin a chosaint, i gcomhréir leis na dea-chleachtais, le caighdeáin idirnáisiúnta agus, chomh maith leis sin, le reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta.

**5.6** Tá prótacail dhiana i bhfeidhm maidir le rochtain ag úsáideoirí seachtracha ar mhicreashonraí staidrimh chun críocha taighde.

## PRIONSABAL 6
### Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht
**Déanann údaráis staidrimh Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar bhealach ina n-urramaítear neamhspleáchas eolaíoch agus ar bhealach oibiachtúil, gairmiúil agus trédhearcach ina gcaitear go cothrom leis na húsáideoirí uile.**

TÁSCAIRE

**6.1** Tiomsaítear staidreamh ar bhonn oibiachtúil a chinntear de réir nithe a bhaineann le staidreamh.

**6.2** Tá roghanna maidir le foinsí sonraí agus modhanna staidrimh, chomh maith le cinntí faoi scaipeadh staidrimh, bunaithe ar nithe a bhaineann le staidreamh.

**6.3** Déantar earráidí a aimsítear sa staidreamh foilsithe a cheartú a luaithe is féidir, agus poiblítear ceartú na n-earráidí sin.

**6.4** Tá faisnéis maidir le foinsí sonraí, modhanna agus nósanna imeachta a úsáidtear ar fáil go poiblí.

**6.5** Déantar dátaí agus tráthanna eisiúna a fhógairt roimh ré.

**6.6** Tugtar réamhfhógra maidir le leasuithe móra nó athruithe ar mhodheolaíochtaí.

**6.7** Déanann údaráis staidrimh cinneadh neamhspleách ar thráth agus ar inneachar na n-eisiúintí staidrimh a chur san áireamh agus, ag an am céanna, an sprioc chun faisnéis staidrimh iomlán agus thráthúil a sholáthar á cur san áireamh. Tá úsáid chomhionann ag na húsáideoirí uile ar eisiúintí staidrimh ag an am céanna. Maidir le haon rochtain faoi phribhléid a thugtar d'aon úsáideoir seachtrach roimh an eisiúint a dhéanamh, bíonn sí teoranta agus dea-réasúnaithe, agus déantar í a rialú agus a phoibliú. I gcás ina dtarlaíonn sárú, déantar athbhreithniú ar shocruithe réamheisiúna chun neamhchlaontacht a áirithiú.

**6.8** Bíonn eisiúintí staidrimh agus ráitis a dhéantar le linn preasagallamh oibiachtúil agus neamhpháirtíneach.

# Próisis Staidrimh

**Déantar caighdeáin, treoirlínte agus dea-chleachtais Eorpacha agus caighdeáin, treoirlínte agus dea-chleachtais eile, de chineál idirnáisiúnta, a bhaineann leis na próisis staidrimh a úsáideann na húdaráis staidrimh chun Staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh a urramú go hiomlán agus, ag an am céanna, bítear ag féachaint le nuálaíocht a bhaint amach leo gach tráth. Cuirtear feabhas ar inchreidteacht an staidrimh mar thoradh ar cháil an dea-bhainistithe agus na héifeachtúlachta. Is iad na Prionsabail ábhartha modheolaíocht fhónta, nósanna imeachta staidrimh iomchuí, ualach neamhiomarcach ar fhreagróirí, agus costéifeachtúlacht.**

## PRIONSABAL 7
### Modheolaíocht Fhónta

**Tá modheolaíocht fhónta mar bhonn agus mar thaca le staidreamh ardcháilíochta. Tá uirlisí, nósanna imeachta agus saineolas ag teastáil ina leith sin.**

**TÁSCAIRE**

**7.1** Leanann an creat modheolaíochta foriomlán a úsáidtear le haghaidh Staidreamh Eorpach caighdeáin, treoirlínte agus dea-chleachtais Eorpacha agus caighdeáin, treoirlínte agus dea-chleachtas eile, de chineál idirnáisiúnta agus, ag an am céanna, bítear ag féachaint le nuálaíocht a bhaint amach gach tráth.

**7.2** Tá nósanna imeachta ann lena áirithiú go ndéantar coincheapa caighdeánacha, sainmhínithe, aicmithe agus cineálacha eile caighdeán a chur i bhfeidhm ar fud an údaráis staidrimh.

**7.3** Déantar na cláir agus na creataí a úsáidtear le haghaidh Staidreamh Eorpach a mheasúnú go tráthrialta, agus coigeartaítear iad, más gá, chun ardcháilíocht a áirithiú.

**7.4** Tá comhréireacht mhionsonraithe ann idir na córais aicmiúcháin náisiúnta agus na córais Eorpacha chomhfhreagracha.

**7.5** Earcaítear céimithe sna disciplíní acadúla ábhartha.

**7.6** Cuireann na húdaráis staidrimh beartas gairmoiliúna leanúnaí chun feidhme dá bhfoireann.

**7.7** Déanann údaráis staidrimh comhar leis an bpobal eolaíochta a choinneáil ar bun agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar mhodheolaíocht agus ar éifeachtacht na modhanna a chuirtear chun feidhme agus chun uirlisí níos fearr a chur chun cinn i gcás ina bhfuil sé indéanta sin a dhéanamh.

## PRIONSABAL 8
### Nósanna Imeachta Staidrimh Iomchuí

**Tá nósanna imeachta staidrimh iomchuí ann mar bhonn agus mar thaca le staidreamh ardcháilíochta, ar nósanna imeachta iad a chuirtear chun feidhme ar fud na bpróiseas staidrimh.**

TÁSCAIRE

**8.1** Nuair a bhíonn Staidreamh Eorpach bunaithe ar shonraí riaracháin agus ar shonraí eile, is ionann na sainmhínithe, agus na coincheapa, a úsáidtear chun críoch neamhstaidrimh agus meastacháin mhaithe, chun críoch staidrimh, i gcomparáid leis na sainmhínithe agus na coincheapa sin.

**8.2** I gcás suirbhéanna staidrimh, déantar tástáil chórasach ar cheistneoirí sula mbailítear na sonraí.

**8.3** Déantar faireachán ar phróisis staidrimh agus a athbhreithniú go tráthrialta de réir mar is gá.

**8.4** Déantar meiteashonraí a bhaineann le próisis staidrimh a bhainistiú ar fud na bpróiseas staidrimh agus scaiptear iad, de réir mar is iomchuí.

**8.5** Déantar na hathbhreithnithe de réir nósanna imeachta caighdeánacha, seanbhunaithe trédhearcacha.

**8.6** Déantar comhaontuithe le sealbhóirí sonraí riaracháin agus sonraí eile, ar comhaontuithe iad ina leagtar amach a gcomhthiomantas i leith úsáid na sonraí sin chun críoch staidrimh.

**8.7** Comhoibríonn údaráis staidrimh le sealbhóirí sonraí riaracháin agus sonraí eile le linn cáilíocht sonraí a áirithiú.

## PRIONSABAL 9
### Ualach Neamhiomarcach ar Fhreagróirí

**Tá an t-ualach freagartha i gcomhréir le riachtanais na n-úsáideoirí agus níl sé iomarcach ar fhreagróirí. Déanann na húdaráis staidrimh faireachán ar an ualach freagartha agus leagann siad síos spriocanna chun an t-ualach sin a laghdú le himeacht aimsire.**

TÁSCAIRE

**9.1** Tá raon agus mionsonraí na n-éileamh Staidrimh Eorpaigh teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach.

**9.2** Déantar an t-ualach freagartha a leathadh chomh forleathan agus is féidir i measc daonraí suirbhé agus déanann an t-údarás staidrimh faireachán ar na nithe sin.

**9.3** Tá na sonraí a lorgaítear ó ghnóthaí ar fáil go héasca, a mhéid is féidir, ó chuntais na ngnóthaí sin, agus úsáidtear modhanna leictreonacha chun cur ar fáil na sonraí a éascú, i gcás inar féidir sin a dhéanamh.

**9.4** Aon uair is féidir déanamh amhlaidh, úsáidtear foinsí sonraí riaracháin agus foinsí eile sonraí chun dúbláil i leith iarrataí ar shonraí a sheachaint.

**9.5** Chun an t-ualach freagartha a íoslaghdú, déantar comhroinnt sonraí agus comhtháthú sonraí a chur chun cinn ach cloítear le ceanglais rúndachta agus cosanta sonraí le linn an chomhroinnt agus an comhtháthú sin a dhéanamh.

**9.6** Cuireann údaráis staidrimh bearta chun cinn a chumasaíonn nascadh foinsí sonraí chun an t-ualach freagartha a íoslaghdú.

## PRIONSABAL 10
## Costéifeachtúlacht

TÁSCAIRE Úsáidtear acmhainní go héifeachtach.

**10.1** Le bearta inmheánacha agus bearta seachtracha neamhspleácha, déantar faireachán ar úsáid acmhainní ag an údarás staidrimh.

**10.2** Tá acmhainneacht táirgeachta na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide á hoptamú le haghaidh na bpróiseas staidrimh.

**10.3** Déantar iarrachtaí réamhghníomhacha chun acmhainneacht staidrimh na bhfoinsí sonraí riaracháin agus na bhfoinsí eile sonraí a fheabhsú, agus chun teorannú a dhéanamh ar a mhéid a théitear i muinín suirbhéanna díreacha.

**10.4** Déanann na húdaráis staidrimh réitigh chaighdeánaithe a chur chun cinn, a chomhroinnt agus a chur chun feidhme, ar réitigh iad lena méadaítear éifeachtacht agus éifeachtúlacht.

# Aschur Staidrimh

Freastalaíonn an staidreamh atá ar fáil ar riachtanais na n-úsáideoirí. Comhlíonann an staidreamh na caighdeáin cháilíochta Eorpacha agus fónann sé do riachtanais institiúidí Eorpacha, rialtas, institiúidí taighde, gnóthas agus an phobail i gcoitinne. Déantar cáilíocht aschuir a thomhas de réir a mhéid atá an staidreamh ábhartha, cruinn agus iontaofa, tráthúil, comhleanúnach, inchomparáide thar réigiúin agus thar thíortha, agus inrochtana go héasca ag úsáideoirí, i.e. Prionsabail an Aschuir Staidrimh.

## PRIONSABAL 11
### Ábharthacht

TÁSCAIRE **Freastalaíonn Staidreamh Eorpach riachtanais na n-úsáideoirí.**

**11.1** Tá nósanna imeachta ann chun dul i gcomhairle le húsáideoirí, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar ábharthacht agus ar luach an staidrimh atá ann cheana chun freastal ar a gcuid riachtanas, agus d'fhonn na riachtanais agus na tosaíochtaí dá gcuid atá ag teacht chun cinn a mheas agus a thuar. Saothraítear nuálaíocht chun feabhas a chur ar aschur staidrimh go leanúnach.

**11.2** Déantar freastal ar riachtanais tosaíochta agus léirítear na riachtanais sin sa chlár oibre.

**11.3** Déantar faireachán ar shástacht úsáideoirí go tráthrialta agus déantar bearta go córasach ina leith sin.

## PRIONSABAL 12
### Cruinneas agus Iontaofacht

TÁSCAIRE **Tugann Staidreamh Eorpach léiriú cruinn iontaofa ar an réaltacht.**

**12.1** Déantar sonraí foinseacha, sonraí comhtháite, torthaí idirmheánacha agus aschuir staidrimh a mheasúnú agus a bhailíochtú go tráthrialta.

**12.2** Déantar earráidí samplála agus earráidí neamhshamplála a thomhas agus a dhoiciméadú go córasach de réir na gcaighdeán Eorpach.

**12.3** Déantar athbhreithnithe a anailísiú go tráthrialta chun feabhas a chur ar shonraí foinseacha, ar phróisis staidrimh agus ar aschuir.

## PRIONSABAL 13
### Tráthúlacht agus Poncúlacht

TÁSCAIRE Eisítear Staidreamh Eorpach go tráthúil agus go poncúil.

**13.1** Comhlíonann an tráthúlacht caighdeáin Eorpacha agus caighdeáin eile idirnáisiúnta maidir le heisiúint.

**13.2** Poiblítear am laethúil caighdeánach le haghaidh eisiúint staidreamh.

**13.3** Déantar riachtanais úsáideoirí a chur san áireamh, a mhéid is féidir, i dtréimhsiúlacht an staidrimh.

**13.4** Déantar aon athrú ar sceideal na dtráthanna scaipthe a phoibliú roimh ré, mínítear é agus socraítear dáta eisiúna nua.

**13.5** Is féidir réamhthorthaí i leith cruinneas agus iontaofacht inghlactha comhiomlán a eisiúint nuair a mheastar an méid sin bheith úsáideach.

## PRIONSABAL 14
### Comhleanúnachas agus Inchomparáideacht

TÁSCAIRE Tá Staidreamh Eorpach comhsheasmhach go hinmheánach thar thréimhse ama agus inchomparáide idir réigiúin agus tíortha; is féidir sonraí gaolmhara ó fhoinsí sonraí éagsúla a chomhcheangal agus a úsáid i dteannta a chéile.

**14.1** Tá staidreamh comhleanúnach agus comhsheasmhach go hinmheánach (i.e. tá comhionannas uimhríochtúil agus comhionannas cuntasaíochta ann).

**14.2** Tá staidreamh inchomparáide thar thréimhse réasúnta ama.

**14.3** Tiomsaítear staidreamh ar bhonn caighdeáin choiteanna a mhéid a bhaineann le raon feidhme, le sainmhínithe, le haonaid agus le haicmithe sna suirbhéanna éagsúla agus sna foinsí sonraí éagsúla.

**14.4** Déantar staidreamh ó fhoinsí éagsúla sonraí agus staidreamh lena ngabhann tréimhsiúlacht éagsúil a chur i gcomparáid lena chéile agus a chomhréiteach.

**14.5** Áirithítear inchomparáideacht thrasnáisiúnta na sonraí laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach trí mhalartuithe tréimhsiúla idir an Córas Staidrimh Eorpach agus córais staidrimh eile. Déantar staidéir mhodheolaíochta a chur i gcrích i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le Eurostat.

## PRIONSABAL 15

### Inrochtaineacht agus Soiléireacht

Cuirtear Staidreamh Eorpach i láthair i bhfoirm shoiléir intuigthe, eisítear é ar bhealach oiriúnach áisiúil, tá sé ar fáil agus inrochtana ar bhonn neamhchlaonta agus bíonn meiteashonraí tacaíochta agus treoraíocht ag gabháil leis.

TÁSCAIRE

**15.1** Cuirtear staidreamh agus na meiteashonraí comhfhreagracha i láthair, agus cuirtear i gcartlann iad, i bhfoirm a éascaíonn léirmhíniú ceart agus comparáidí fiúntacha.

**15.2** Baineann seirbhísí scaipthe úsáid as teicneolaíocht, modhanna, ardáin agus caighdeáin sonraí oscailte nua-aimseartha faisnéise agus cumarsáide.

**15.3** Cuirtear anailísí saincheaptha ar fáil nuair is féidir agus cuirtear an pobal ar an eolas fúthu.

**15.4** Ceadaítear rochtain ar mhicreashonraí chun críoch taighde agus tá sí faoi réir rialacha sonracha nó prótacail shonracha.

**15.5** Déanann an t-údarás staidrimh meiteashonraí a bhaineann le haschuir a bhainistiú agus a scaipeadh de réir na gcaighdeán Eorpach.

**15.6** Coinnítear úsáideoirí ar an eolas maidir le modheolaíocht na bpróiseas staidrimh, lena n-áirítear úsáid agus comhtháthú sonraí riaracháin agus sonraí eile.

**15.7** Coinnítear úsáideoirí ar an eolas maidir le cáilíocht na n-aschur staidrimh i leith na gcritéar cáilíochta le haghaidh Staidreamh Eorpach.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh
http://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/overview
R-phost: ESTAT-QUALITY@ec.europa.eu

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh


| | |
|---|---|
| Print | KS-02-18-142-GA-C |
| PDF | KS-02-18-142-GA-N |